Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Deireadh Fómhair 2023
(OR. en)**

**14718/23**

**ENER 578
CLIMA 512
CONSOM 384
TRANS 450
AGRI 650
IND 566
ENV 1190
COMPET 1040
FORETS 168**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 25 Deireadh Fómhair 2023 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2023) 668 final |
| Ábhar: | TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN<br>Uaillmhianta an Aontais a bhaint amach maidir le fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2023) 668 final.

---

Faoi iamh: COM(2023) 668 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 24.10.2023
COM(2023) 668 final

**TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN**

**Uaillmhianta an Aontais a bhaint amach maidir le fuinneamh in-athnuaite amach ón gcósta**

## 1. Réamhrá

Cuirfidh foinsí in- athnuaite fuinnimh amach ón gcósta go mór le spriocanna uaillmhianacha aeráide agus fuinnimh an Aontais do 2030 agus do 2050 a bhaint amach agus déanfaidh siad an spleáchas ar bhreoslaí iontaise allmhairithe a laghdú. Beidh foinsí in- athnuaite fuinnimh amach ón gcósta mar chuid fhíor- riachtanach den mheascán fuinnimh a mbeidh gá leis chun dícharbónú a dhéanamh agus aeráidneodracht a bhaint amach. Léirítear é sin in uaillmhian na mBallstát 111 GW d'fhoinsí in- athnuaite fuinnimh amach ón gcósta a bhaint amach faoi 2030, líon atá beagnach níos mó ná dhá oiread níos airde ná an uaillmhian a leagann an Coimisiún Eorpach amach sa Straitéis maidir le Fuinneamh In- Athnuaite a foilsíodh i mí na Samhna 2020[1].

Fáiltíonn an Coimisiún roimh an uaillmhian níos airde sin, i gcomhthéacs REPowerEU freisin, trína gceanglaítear athrú níos tapa i dtreo fuinnimh in- athnuaite. B'éigean na huaillmhianta níos airde sin in earnáil an fhuinnimh in- athnuaite a aistriú ina bhfíorthionscadail ar luas brostaithe, chun go mbeadh an tAontas in ann ceannasaíocht dhomhanda agus iomaíochas ag céim na monaraíochta agus céim an tsoláthair a choimeád, iarracht atá tar éis éirí níos dúshlánaí. Tá méadú tagtha ar chostais, tá na corrlaigh bhrabúis laghdaithe, agus tá slabhraí soláthair domhanda deighilte níos mó agus níos mó, lena n- áirítear mar gheall ar rochtain theoranta ar ábhair agus saothair oilte. Is é sin an fáth ar cuid dhílis den phacáiste gaoithe é an Plean Gníomhaíochta do mhonaróirí gaoithe[2].

Anuas ar an dul chun cinn tábhachtach a rinneadh ar na gníomhaíochtaí sa straitéis, ní mór dul i ngleic leis na dúshláin nua seo. Cumhdaítear le héachtaí maidir le cur i bhfeidhm na straitéise réimse ábhar agus earnálacha a chumhdaíonn pleanáil spásúil mhuirí, idirghníomhaíocht leis an muirthimpeallacht, bonneagar amach ón gcósta, creat rialála an Aontais, infheistíocht a fhorscaoileadh, taighde agus nuálaíocht, agus slabhra soláthair agus luacha níos láidre ar fud na hEorpa.

Chun tacú leis an bPlean Gníomhaíochta, cuirtear i dtábhacht leis an Teachtaireacht seo gealltanas leantach an Choimisiúin maidir le fuinneamh in- athnuaite amach ón gcósta agus uaillmhianta nua amach ón gcósta a bhaint amach. Tá ról nach beag ag an tionscal gaoithe maidir leis na huaillmhianta sin a bhaint amach, ach beidh ar theicneolaíochtaí fuinnimh aigéin rannchuidiú go mór leis freisin. Seachas sin, teastaíonn comhpháirteanna sonracha ó fhoinsí in- athnuaite fuinnimh amach ón gcósta ina slabhra soláthair. Dá bhrí sin, leis an Teachtaireacht seo breithnítear an dul chun cinn atá bainte amach go dtí seo, tugtar faoi na príomhdhúshláin atá le teacht agus moltar bealach chun cinn:

- Eangacha trasteorann amach ón gcósta a fhorbairt bunaithe ar mhodhanna iontaofa maidir le measúnú costais agus tairbhe agus leithdháileadh costas.

- Ceadú mear.

[1] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=COM:2020:741:FIN&qid=1605792629666

[2]COM(2023)669

- Pleanáil spásúil mhuirí (MSP) a neartú mar uirlis chun comhar réigiúnach agus cómhaireachtáil inbhuanaithe a fheabhsú idir foinsí in- athnuaite fuinnimh amach ón gcósta agus tionscail eile ar muir.

- Athléimneacht bonneagair fuinnimh in- athnuaite amach ón gcósta agus slándáil mhuirí a neartú.

- Iarrachtaí taighde agus nuálaíochta a chothú chun ceannaireacht teicneolaíochtaí an Aontais agus réitigh inbhuanaithe chun tabhairt faoi ghníomhaíochtaí fuinnimh in- athnuaite maidir leis an gcomhshaol a áirithiú.

- Tacú le slabhraí soláthair an Aontais a gcumais a fhorbairt chun bheith iomaíoch i gcónaí agus bheith in ann cuidiú le leibhéil uaillmhéine níos airde a bhaint amach maidir leis an toilleadh amach ón gcósta a suiteáladh san Aontas agus i dtríú tíortha trí idirphlé trádála tiomnaithe agus le rannpháirtíocht ón earnáil tionsclaíochta freisin.

## 2. UAILLMHIANTA NUA MAIDIR LE FUINNEAMH IN- ATHNUAITE AMACH ÓN gCÓSTA

Chun a áirithiú go mbaintear amach lán- chumas fuinnimh in- athnuaite amach ón gcósta, d'fhoilsigh an Coimisiún straitéis AE tiomnaithe d'fhuinneamh in- athnuaite amach ón gcósta i mí na Samhna 2020, ar a dtugtar '*An EU Strategy to harness the potential of offshore renewable energy for a climate neutral future*[3]' [Straitéis de chuid an Aontais chun leas a bhaint as fuinneamh in- athnuaite amach ón gcósta le haghaidh todhchaí atá aeráidneodrach] ('an straitéis' a thabharfar air anseo feasta).

Leis an straitéis, rinneadh athrú mór trí roinnt beart agus garspriocanna sonracha a mholadh chun tacú le forbairt inbhuanaithe fhadtéarmach d'earnáil an fhuinnimh amach ón gcósta agus chun toilleadh suiteáilte de ghaoth amach ón gcósta a mhéadú faoi 2030. Leagadh síos uaillmhianta soiléire leis freisin: toilleadh suiteáilte de 60 GW ar a laghad de ghaoth amach ón gcósta a bheith ann faoi 2030 agus 300 GW a bheith ann faoi 2050. Ina theannta sin, leagadh síos cuspóir maidir le fuinneamh aigéin: toilleadh suiteáilte de 1 GW ar a laghad a bheith ann faoi 2030 agus 40 GW a bheith ann faoi 2050.


Tá dul chun cinn nach beag déanta ó shin. Tá na gníomhaíochtaí a bheartaítear sa straitéis curtha i bhfeidhm nó faoi lánseol den chuid is mó. An tráth céanna, tá forbairtí nach beag tar éis teacht chun cinn i réimse an fhuinnimh in- athnuaite amach ón gcósta. Thairis sin, cuireadh i dtábhacht arís leis na spriocanna aeráide agus fuinnimh, mar a léirítear sa Dlí Aeráide[4] agus sa Phacáiste Oiriúnach do 55, chomh maith le REPowerEU[5], go mbeidh

[3] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=COM:2020:741:FIN

[4] Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na h Eorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach')

ról tábhachtach ag foinsí in- athnuaite fuinnimh amach ón gcósta chun dícharbónú breise, slándáil an tsoláthair, agus imeacht ó allmhairí breoslaí iontaise ón Rúis á áirithiú.

I mí Eanáir 2023, anuas ar an straitéis agus Rialachán GTE- F, chomhaontaigh na Ballstáit spriocanna neamhcheangailteacha maidir le fuinneamh in- athnuaite amach ón gcósta (ORE) a ghiniúint faoi 2050, mar aon le spriocanna meántéarmacha do 2030 agus 2040, i ngach ceann de na cúig imchuach farraige san Aontas. Leis na spriocanna nua, socraítear leibhéal uaillmhéine níos airde maidir le toilleadh suiteáilte i gcomparáid leis an straitéis. Tá spriocanna 2030 beagnach dhá oiread níos airde ná an uaillmhian de 61 GW a leagtar amach sa straitéis. Leis sin tugtar uaillmhian fhoriomlán de thoilleadh giniúna thart ar 111 GW d'fhuinneamh in- athnuaite amach ón gcósta a shuiteáil faoi dheireadh na tréimhse 10 mbliana seo, toilleadh a mhéadóidh go dtí thart ar 317 GW faoi lár an chéid. Maidir le himchuach farraige na Mara Thuaidh, mar thoradh ar Chruinniú Ostend i mí Aibreáin 2023 neartaíodh an leibhéal uaillmhéine a thuilleadh go dtí 300 GW ar a laghad faoi 2050 sa Mhuir Thuaidh.



In 2022, ba é 16,3 GW an toilleadh carnach suiteáilte amach ón gcósta in AE- 27. Chun an bhearna a dhruidim idir an 111 GW atá geallta ag na Ballstáit agus na suiteálacha in 2022, ní mór dúinn nach mór 12 GW in aghaidh na bliana a shuiteáil ar an meán. Is méid 10 n- uaire níos mó é sin ná an 1,2 GW a suiteáladh in 2022.

Tá dul chun cinn maith déanta ag an Aontas maidir le fuinneamh aigéin a fhorbairt ó seoladh an Straitéis Amach ón gCósta. Tá roinnt treoirthionscadal um fhuinneamh toinne agus taoide forbartha go maith, lena n- áirítear tionscadail a bhfuil tacaíocht á fáil acu faoi Fhís Eorpach agus faoin gCiste don Nuálaíocht. Tá sé indéanta 100 MW de

[5] TEACHTAIREACHT ÓN gCOIMISIÚN CHUIG PARLAIMINT NA hEORPA, CHUIG AN gCOMHAIRLE EORPACH, CHUIG AN gCOMHAIRLE, CHUIG COISTE EACNAMAÍOCH AGUS SÓISIALTA NA hEORPA AGUS CHUIG COISTE NA RÉIGIÚN, PLEAN REPowerEU (COM/2022/230 final)

thoilleadh fuinnimh aigéin a bhaint amach faoi 2027 agus 1 GW faoi dheireadh na na tréimhse 10 mbliana seo nó go luath sna 2030idí.

Tá comhar réigiúnach ríthábhachtach chun na spriocanna amach ón gcósta a bhaint amach. Bhuail Ceannairí agus Airí le chéile an 17 Nollaig 2022 sa Rómáin agus an 24 Aibreán 2023[6] sa Bheilg ag cruinnithe maidir le fuinneamh amach ón gcósta, chun aontú ar an gcomhar a neartú a thuilleadh ar an leibhéal polaitiúil agus chun tionscadail trasteorann fuinnimh in- athnuaite amach ón gcósta a chur chun cinn. Chuir na cruinnithe sin le cruinnithe Esbjerg agus Marienborg in 2022 sa Danmhairg, ag a raibh an tUachtarán von der Leyen agus an Coimisinéir Simson i láthair, maidir le comhar feabhsaithe do rolladh amach brostaithe an fhuinnimh in- athnuaite amach ón gcósta.

Thairis sin, ag COP28 atá le teacht i mí na Samhna 2023, táthar ag cur níos mó agus níos mó spéise i sprioc in- athnuaite dhomhanda a shocrú, rud lena socrófaí uaillmhian dhomhanda atá i gcomhréir le spriocanna Chomhaontú Pháras[7]. Dá réir sin, tá móiminteam ann maidir le borradh a chur faoi chur in úsáid gach foirme d'fhuinneamh in- athnuaite, lena n- áirítear foinsí in- athnuaite fuinnimh amach ón gcósta. Sa chomhthéacs seo, d'aontaigh airí G7 cheana féin chun an toilleadh gaoithe amach ón gcósta a mhéadú faoi 150 GW faoi 2030.

Amach anseo, leanfaidh an Coimisiún de bheith ag cur na gníomhaíochtaí a tugadh isteach leis an straitéis chun feidhme, ach cuirfidh sé leis sin chun na hiarrachtaí a fheabhsú maidir le huaillmhianta nua amach ón gcósta a chomhlíonadh.

## 3. AN CHAOI LEIS NA SPRIOCANNA NUA AMACH ÓN gCÓSTA A BHAINT AMACH – GNÍOMHAÍOCHTAÍ A RINNEADH AGUS TUILLEADH GNÍOMHAÍOCHTAÍ

### 3.1. An bonneagar eangaí agus an comhar réigiúnach a neartú

Maidir le gaoth amach ón gcósta, d'fhéadfaí tionscadail mhórscála a fhorbairt i bhfad ón gcósta. Dá réir sin, tá rochtain thráthúil ar eangach dhea- fheidhmiúil ríthábhachtach, amach ón gcósta chun an leictreachas a thabhairt i dtír, agus ar tír chun na treisiúcháin eangaí is gá a áirithiú ionas gur féidir le lárionaid éilimh, agus réigiúin isteach ón gcósta freisin, lántairbhe a bhaint as cur in úsáid foinsí in- athnuaite fuinnimh amach ón gcósta.

Anuas ar an taithí dhearfach roimhe sin leis na Grúpaí Ardleibhéil polaitiúla (HLGanna) mar struchtúir chomhair réigiúnacha i réimse an fhuinnimh, leis an Rialachán GTE- F athbhreithnithe, cuireadh creat fabhrach don chomhar trasteorann. Cuirtear ar a chumas don Aontas dul i dtreo eangach ar tír agus eangach amach ón gcósta a bheidh níos comhtháite agus níos éifeachtúla, lena n- áirítear tionscadail hibrideacha a nascann na Ballstáit agus tionscadail ghaoithe amach ón gcósta – ar mórscála uaireanta, amhail na

[6] https://energy.ec.europa.eu/news/president-von-der-leyen-participates-high-level-summit-focused-energy-security-energy-partnerships-2022-12-16_en; https://northseasummit23.be/

[7] https://unfccc.int/documents/9097

hoileáin fuinnimh atá pleanáilte sa Mhuir Thuaidh agus i Muir Bhailt. Trí roinnt Ballstát a nascadh, leis na tionscadail hibrideacha agus na heangacha nasctha amach ón gcósta, cuirfear feabhas, den chuid is mó, ar shlándáil an tsoláthair, laghdófar na costais do thomhaltóirí agus laghdófar na tionchair chomhshaoil[8].

Tá an comhar réigiúnach fíor- riachtanach maidir le cur in úsáid brostaithe foinsí in- athnuaite fuinnimh amach ón gcósta. Trí fhóraim réigiúnacha, lena n- áirítear grúpaí réigiúnacha GTE- F agus na grúpaí ardleibhéil polaitiúla[9], tá forbairt teicneolaíochtaí gaoithe amach ón gcósta agus fuinnimh aigéin á gcur chun cinn ag an gCoimisiún ar leibhéal an imchuach farraige. Na hiarrachtaí sin, tá siad tar éis cur le déanaí leis na forálacha treisithe maidir le heangacha amach ón gcósta sa Rialachán GTE- F athbhreithnithe, ina n- áirítear ceanglas ar na Ballstáit spriocanna neamhcheangailteacha maidir le foinsí in- athnuaite fuinnimh amach ón gcósta a chur i gcrích agus a thabhairt cothrom le dáta go tráthrialta faoi 2050, mar aon le céimeanna idirmheánacha in 2030 agus in 2040. Déanfar comhaontuithe neamhcheangailteacha mhí Eanáir 2023 a thabhairt cothrom le dáta faoi mhí na Nollag 2024.

Tá comhar trasteorann éascaithe ag an gCoimisiún agus tá na Ballstáit á spreagadh aige cuspóirí maidir le forbairt fuinnimh in- athnuaite amach ón gcósta a chomhcheangal lena bpleananna spásúla muirí náisiúnta, i gcomhréir le pleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide. Mar thoradh air sin, tá limistéir shubstaintiúla sainaitheanta agus leithdháilte ag na Ballstáit le haghaidh gaoth amach ón gcósta. Faoi láthair, is iad réigiúin na Mara Thuaidh agus Mhuir Bhailt na réigiúin is forbartha ó thaobh fuinneamh in- athnuaite amach ón gcósta de, ós rud é go bhfuil Comhar Fuinnimh na Mara Thuaidh (NSEC) agus Plean Idirnaisc don Mhargadh Fuinnimh Baltach (BEMIP) ag feidhmiú mar ardáin réigiúnacha réamhghníomhacha comhair maidir le fuinneamh in- athnuaite amach ón gcósta a mhéadú. Tá ard- uaillmhianta polaitiúla fógartha freisin ag Ballstáit ó Stua an Atlantaigh, an Mheánmhuir agus an Mhuir Dhubh agus tá siad ag dul i dteagmháil le comharsana an Aontais sna réigiúin sin. Ina theannta sin, leis an mbeartas um chomhtháthú, tugadh tacaíocht do straitéisí macraiéigiúnacha agus imchuach farraige, mar aon le comhar idir- réigiúnach, trí threoirthionscadail amhail an Idir- Eangach Bhailt[10].

Chun an comhar réigiúnach faoin gcreat GTE- F a chomhlánú, áirítear sa Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In- athnuaite forálacha chun tacú le comhar agus cur in úsáid fuinnimh in- athnuaite amach ón gcósta. Ceanglaíonn an Treoir ar na Ballstáit aontú chun creat a bhunú maidir le comhar ar thionscadail chomhpháirteacha le Ballstát amháin nó níos mó chun fuinneamh in- athnuaite a tháirgeadh. Ceanglaíonn sé ar na Ballstáit freisin faisnéis a fhoilsiú maidir leis na toirteanna amach ón gcósta atá

---

[8] Is sampla é an tionscadal eangaí hibrideach 'Kriegers Flak – Combined Grid Solution' den chaoi ar féidir bearnaí a dhruidim in eangach idirnasctha na hEorpa agus rannchuidiú le margadh aonair fuinnimh na hEorpa a fhorbairt, agus ionchorprú foinsí in- athnuaite fuinnimh á éascú san am céanna. Ba thionscadal leasa choitinn Eorpach é an tionscadal, a thairbhigh de Rialachán GTE- F.

[9] Comhar Fuinnimh na Mara Thuaidh (NSEC), an Grúpa Ardleibhéil um Idirnaisc d'Iardheisceart na hEorpa, an plean idirnaisc don mhargadh fuinnimh Baltach (BEMIP), nascacht fuinnimh do Lár agus Oirdheisceart na hEorpa (CESEC), chun breis faisnéise a fháil: https://energy.ec.europa.eu/topics/infrastructure/high-level-groups_en

[10] Forbairt eangaí comhtháite Baltaí leictreachais gaoithe amach ón gcósta – Réigiún Mhuir Bhailt Interreg (interreg- baltic.eu)

beartaithe acu a bhaint amach trí thairiscintí, bunaithe ar spriocanna táscacha maidir le fuinneamh in- athnuaite amach ón gcósta a ghiniúint atá le cur in úsáid laistigh de gach imchuach farraige a shainaithnítear i gcomhréir le Rialachán GTE- F. Tá tús curtha le plé i roinnt foirmíochtaí réigiúnacha cheana féin, grúpa Ardleibhéal NSEC go sonrach, maidir le pleanáil tairiscintí den sórt sin le haghaidh foinsí in- athnuaite fuinnimh amach ón gcósta a chomhordú ar an leibhéal réigiúnach. Leis an Treoir, tugtar spreagadh do na Ballstáit freisin spás a leithdháileadh do thionscadail trasteorann fuinnimh in- athnuaite amach ón gcósta ina bpleananna spásúla muirí, agus na gníomhaíochtaí a tharlaíonn cheana féin agus atá pleanáilte sna limistéir dá ndéantar difear á gcur san áireamh.

Ina theannta sin, téann an Cumann Eorpach um chomhar oibreoirí córais tarchurtha (ENTSO- E), chomh maith leis na Ballstáit, an Coimisiún, agus oibreoirí córais tarchurtha (TSOnna), i gcomhar lena chéile i ndáil le **Pleananna maidir le Forbairt Gréasáin amach ón gCósta (ONDP)** a fhorbairt, pleananna a soláthrófar leo treoraíocht straitéiseach bhreise do na Ballstáit agus d'infheisteoirí a d’fhéadfadh a bheith ann trí na riachtanais bhonneagair a mhapáil. Bunaithe ar chomhaontuithe neamhcheangailteacha na mBallstát, déanfar ONDPanna a fhorbairt le haghaidh gach imchuach farraige, rud a thabharfaidh peirspictíocht ardleibhéil maidir le cumas na n- acmhainneachtaí giniúna amach ón gcósta agus maidir leis na riachtanais eangaí amach ón gcósta a bheidh ann dá bharr, lena n- áirítear an méid sin ar bhonn fadtéarmach go dtí 2050. Cuirfear san áireamh na riachtanais a d’fhéadfadh a bheith ann maidir le hidirnascairí, tionscadail hibrideacha, naisc ghathacha, athneartuithe agus bonneagar hidrigine. Le ONDPanna, cuirfear cosaint an chomhshaoil agus úsáidí eile na farraige san áireamh freisin.

D’fhéadfadh cuid shubstaintiúil den leictreachas a ghintear leis na feirmeacha gaoithe sin dul isteach go tíortha eile, lena n- áirítear tíortha talamhiata. Trí na buntáistí a scaipeadh ar shlí níos leithne ar fud na réigiún, d’fhéadfadh sé go mbeadh dreasachtaí níos teoranta ag na tíortha óstacha chun a n- acmhainneacht in- athnuaite amach ón gcósta uile a chur in úsáid mura mbaintear úsáid as sásraí comhair iomchuí, sa bhonneagar agus sna páirteanna giniúna fuinnimh in- athnuaite araon. Dá réir sin, d’fhéadfadh sé a bheith deacair údar a thabhairt leis an ualach iomlán a bheith á chumhdach ag íocóirí taraifí agus cáiníocóirí na dtíortha óstála, ós rud é gurb amhlaidh a théann cuid de na tairbhí áit éigin eile. Tá measúnú á dhéanamh faoi láthair ag an gCoimisiún lena n- aithneofar na riachtanais agus na castachtaí a bhaineann le **comhroinnt costas agus tairbhí atá éifeachtach agus pragmatach**, agus a fhágfaidh go mbeifear in ann na huaillmhianta uile amach ón gcósta a bhaint amach. Is é is aidhm don taighde seo bonn eolais a chur faoi threoirdhoiciméid amach anseo a mhéid a bhaineann le comhroinnt costas maidir le tionscadail bhonneagair ar leibhéal an imchuach farraige agus ar leibhéal na dtionscadal araon.

Le cur chun feidhme leanúnach Rialachán GTE- F, tá an Coimisiún tar éis aghaidh a thabhairt ar na dúshláin a bhaineann le heangacha. Mar sin féin, tá roinnt dúshlán ann fós, amhail an gá **infheistíocht oirchilleach** a chur chun cinn in eangacha agus saincheisteanna a réiteach a bhaineann le **comhroinnt costas** i ndáil le heangacha amach ón gcósta, oileáin fuinnimh agus moil amach ón gcósta, chomh maith le heangacha a bhfuil gá leo chun foinsí in- athnuaite fuinnimh amach ón gcósta a chomhtháthú.

Maidir leis an **gcreat rialála**, cuirfear na gníomhaíochtaí uile a cuireadh i láthair sa straitéis i gcrích a luaithe a ghlacfar leis na tograí i ndáil le **Dearadh an Mhargaidh Leictreachais (EMD)**. Leis an togra um Dhearadh an Mhargaidh Leictreachais áirítear

forálacha chun úsáid cumhachta maidir le comhaontuithe ceannaigh (PPAnna) a chur chun cinn, chomh maith le Conarthaí Difríochta (CfD). Tá an dá ionstraim beartaithe chun laghdú ar riosca praghais agus infheistíochtaí a spreagadh, rud lena dtugtar intuarthacht maidir le praghsanna. Lasmuigh de phraghas, tugann Dearadh an Mhargaidh Leictreachais freagra ar dhúshlán eile a bhfuil ábharthacht ar leith leis maidir le roinnt tionscadal in- athnuaite amach ón gcósta i gcrios tairisceana amach ón gcósta – an baol go mbeidís gan rochtain margaidh ar an idirnascaire hibrideach lena bhfuil siad nasctha mar gheall ar shrianta san eangach ar tír. Le Dearadh an Mhargaidh Leictreachais, moltar priacal méid den sórt sin trí chúiteamh airgeadais iomchuí le haghaidh 'deimhniú rochtana tarchuir'.

Ina theannta sin, le Dearadh an Mhargaidh Leictreachais aithnítear an tábhacht a bhaineann le hinfheistíochtaí oircheallacha agus ceanglaítear modheolaíochtaí taraifí chun dreasachtaí iomchuí a sholáthar d'infheistíochtaí oircheallacha agus do réitigh TOTEX[11], chomh maith le comhroinnt dea- chleachtas i measc Údaráis Rialála. Dá réir sin, ar mhaithe le deimhneacht d'infheisteoirí, tá comhlántacht ann idir Dearadh an Mhargaidh Leictreachais agus an obair leanúnach ar infheistíocht oircheallach agus comhroinnt costas a luaitear thuas.

Bhí gealltanas eile sa straitéis maidir le tosú ag obair ar leasuithe ar Rialachán (AE) 2016/1447 ón gCoimisiún maidir le ceanglais do nascadh eangaí de chórais cumhachta srutha dhírigh ardvoltais agus modúil páirce cumhachta arna gceangal le sruth díreach (Cód Gréasáin HVDC) chun a áirithiú go bhfuil sé sin oiriúnach don fheidhm i gcás forbairtí amach anseo i ngréasáin amach ón gcósta. Tá an obair sin faoi lánseol trí Choiste na bPáirtithe Leasmhara Leictreachais[12].

Anuas ar a bhfuil thuas, díreoidh an Coimisiún ar an méid seo a leanas:

- Foilseoidh an Coimisiún, i dlúthchomhar leis na Ballstáit agus na hOibreoirí Córais Tarchurtha (TSOnna) ábhartha, Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh um Chomhar idir Rialálaithe Fuinnimh (ACER), agus Údarás Rialála Náisiúnta (NRA), **treoraíocht do mheasúnú costais agus tairbhe sonrach agus do chomhroinnt costas**, agus béim ar dhá ghné éagsúla: ar an gcéad dul síos, ar leibhéal na bpleananna maidir le forbairt gréasáin amach ón gcósta in aghaidh gach imchuach farraige, agus é mar aidhm leis sin na prionsabail a sholáthar lenar féidir cuidiú le ENTSO- E leaganacha na bpleananna amach anseo a fheabhsú; agus, ar an dara dul síos, ar leibhéal an tionscadail, foinsí in- athnuaite agus bonneagar a bhreithniú maidir le tionscadail trasteorann eangaí amach ón gcósta. Beidh sé sin bunaithe ar mhalartuithe fairsinge le Ballstáit, lena n- áirítear ar an leibhéal polaitiúil, agus tacófar le húdaráis agus tionscnóirí sa phlé a dhéanann siad ar tionscadail trasteorann nua a d'fhéadfadh a bheith ann, agus dá réir sin, tacófar le forbairt foinsí in- athnuaite fuinnimh a chur chun cinn.

[11] Caiteachas iomlán (TOTEX) ina bhfuil caiteachas caipitiúil (CAPEX) agus caiteachas oibríochtúil (OPEX)

[12] Tuarascáil ar Chéim 1 CROS le fáil anseo: https://www.entsoe.eu/network_codes/cnc/expert-groups

- Agus an Rialachán GTE- F athbhreithnithe agus an Treoir maidir le Fuinneamh In- athnuaite á gcur chun feidhme, féachfaidh an Coimisiún leis an tarraingteacht a bhaineann le tionscadail hibrideacha amach ón gcósta agus tionscadail chomhpháirteach a mhéadú i gcomparáid le tionscadail náisiúnta. Anuas ar ONDPanna agus an treoraíocht maidir le comhroinnt costas agus tairbhe, tá an Coimisiún ag obair le comhreachtóirí chun borradh a chur faoi ghlacadh Dhearadh an Mhargaidh Leictreachais le haghaidh creat rialála feabhsaithe. Tar éis na gconclúidí ó Fhóram Chóbanhávan um Bonneagar Fuinnimh in 2023[13], tabharfaidh an Coimisiún aghaidh freisin ar infheistíochtaí oircheallacha, trí cheardlann a eagrú leis na páirtithe leasmhara ábhartha agus, más iomchuí, treoraíocht a fhorbairt.

- Anuas ar na buanna agus na héachtaí, leanfaidh an Coimisiún de húsáid a bhaint as na grúpaí ardleibhéil maidir le **comhar agus comhordú níos fearr don chur in úsáid brostaithe**, agus breithniú á dhéanamh aige ar chásanna gnó na n- acmhainní agus na ngníomhaithe éagsúla (TSOnna, NRAnna, forbróirí foinsí in- athnuaite fuinnimh, Ballstáit), agus de bhunaíocht criosanna tairisceana amach ón gcósta a éascú agus na rioscaí breise a laghdú a d'fhéadfadh a bheith ag baint le tionscadail hibrideacha amach ón gcósta.

- Cuirfidh an Coimisiún comhar breise chun cinn freisin i ndáil le réamhphleanála na mBallstát **d'fhoilsiú ceantanna maidir le foinsí fuinnimh in- athnuaite amach ón gcósta** trí na grúpaí ardleibhéil, rud ar cheart foilsiú tráthrialta sceideal ceantanna a bheith san áireamh ann. Sa chomhthéacs sin, cuirfidh an Coimisiún tuilleadh malartuithe faisnéise chun cinn maidir le cóineasú critéar ceant. Ba cheart dó sin cur i gcrích tionscadal comhpháirteach agus hibrideach a éascú go háirithe. Tá dearadh ceant feabhsaithe ríthábhachtach freisin don Phlean Gníomhaíochta um Chumhacht Ghaoithe.

### 3.2. Borradh a chur faoi cheadú

Leis na leibhéil uaillmhéine a dtugtar tuairisc orthu i gcaibidil 2, beidh gá le borradh mór a chur faoin luas atá faoi chur in úsáid tionscadal faoi láthair.

Is minic a bhíonn **tionscadail bhonneagair eangaí amach ón gcósta** faoi réir nósanna imeachta fada um cheadú mar gheall ar an bhfad a chumhdaítear leo agus a gcineál trasteorann. Déantar difear dá réir do chur in úsáid brostaithe na n- eangach is gá chun leictriú an Aontais a áirithiú. Tá forálacha breise sa Rialachán GTE- F athbhreithnithe atá dírithe ar bhorradh a chur faoin bpróiseas um cheadú, amhail **pointe teagmhála faoi leith** a chruthú do thionscadail leasa choitinn amach ón gcósta. Bunaítear leis sin freisin creat a chothaíonn glacadh níos mó an phobail trí rannpháirtíocht phoiblí atá tráthúil ionchuimsitheach. Chun na críche sin, tacaíonn an Coimisiún freisin leis an gcomhar i measc údaráis náisiúnta inniúla (NCPanna) do cheadú maidir le comhroinnt dea- chleachtas a éascú chun nósanna imeachta éifeachtúla um cheadú a bhaint amach ó Bhallstát go chéile. Tá cainteanna agus comhar den sórt sin ar siúl ar ardán tiomnaithe agus i ngrúpaí réigiúnacha Rialachán GTE- F chomh maith.

[13] https://energy.ec.europa.eu/document/download/b74bef91-5434-4928-ae6e-36c9ae0b77c5_en?filename=Conclusions%209th%20EIF_13%20June%20FINAL.pdf

Tá forálacha sa Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In- athnuaite chun **borradh a chur faoi dheonú ceadaithe agus é a éascú** do thionscadail fuinnimh in- athnuaite, chomh maith leis na tionscadail bonneagair is gá chun na foinsí in- athnuaite fuinnimh breise a chomhtháthú sa chóras leictreachais. Iarrtar leis an treoir go gcruthófaí 'limistéir bhrostaithe um fhoinsí in- athnuaite fuinnimh' (RAAnna) i gcás ina bhféadfaí deonú ceadaithe do thionscadail fuinnimh in- athnuaite dul ar aghaidh go tapa, i gcothromaíocht le breithnithe a bhaineann leis an gcomhshaol agus an bhithéagsúlacht a chosaint. Féadfaidh Ballstáit limistéir bhonneagair thiomnaithe atá comhchosúil a ainmniú freisin le haghaidh na n- eangach agus an stóráil is gá chun foinsí in- athnuaite fuinnimh a chomhtháthú leis an gcóras. Cuireadh measúnuithe ar an Tionchar ar an gComhshaol, i gcás inar gá, san áireamh leis na sprioc- amanna don phróiseas um dheonú ceadanna maidir le tionscadail fuinnimh in- athnuaite, agus, i bhfianaise na castachta a bhaineann le tionscadail fuinnimh in- athnuaite amach ón gcósta, tá na sprioc- amanna do na tionscadail sin 1 bhliain amháin níos faide ná na sprioc- amanna do thionscadail ar tír. Soláthraíonn an tSaotharlann um Fhuinneamh agus Tíreolaíocht (EIGL), a d'fhorbair an Coimisiún Eorpach, réimse leathan de thacair sonraí ábhartha agus is féidir leis tacú leis na Ballstáit chun a limistéar luathaithe athnuaiteán sainaitheanta a chuíchóiriú[14].

Chomh maith leis na bearta reachtacha, tá samplaí dea- chleachtais ar féidir leo tacú le cur in úsáid fuinnimh in- athnuaite amach ón gcósta á gcur san áireamh sa treoraíocht a ghabhann leis an Moladh maidir le borradh a chur faoi nós imeachta um dheonú ceadanna, arna ghlacadh mar chuid de Phlean REPowerEU an 18 Bealtaine 2022, amhail ilúsáid spáis agus réamh- mheasúnuithe comhshaoil ar shuíomhanna gaoithe amach ón gcósta. Mar bhearta leantacha don Mholadh[15] agus don treoraíocht[16], bunaíodh grúpa neamhfhoirmiúil saineolaithe de chuid an Choimisiúin, ina bhfuil saineolaithe na mBallstát. Pléifidh an grúpa saineolaithe cur i bhfeidhm na moltaí agus roinnfidh siad dea- chleachtais maidir le hábhair éagsúla, lena n- áirítear fuinneamh in- athnuaite amach ón gcósta.

Ina theannta sin, is tionscnamh comhpháirteach é an Ghníomhaíocht Chomhbheartaithe ar an Treoir maidir le Fuinneamh Inathnuaite (CA RES) idir Ballstáit an Aontais agus an Coimisiún Eorpach. Is é is cuspóir leis comhroinnt faisnéise agus eispéireas náisiúnta a éascú chun tacú le trasuí agus cur chun feidhme éifeachtach na Treorach maidir le Fuinneamh Inathnuaite, lena n- áirítear a mhéid a bhaineann leis na forálacha maidir le ceadú. Ina theannta sin, áirítear freisin leis na Pleananna Téarnaimh agus Athléimneachta arna nglacadh athchóirithe atá dírithe ar fheabhas a chur ar an gcóras rialála do chur in úsáid gaoithe amach ón gcósta. Tugann an Coimisiún Eorpach tacaíocht freisin do Bhallstáit an Aontais tríd an Ionstraim Tacaíochta Teicniúla le saineolas saincheaptha maidir le dearadh agus cur chun feidhme athchóirithe[17].

Anuas ar a bhfuil thuas, díreoidh an Coimisiún ar an méid seo a leanas:

---

[14] https://energy-industry-geolab.jrc.ec.europa.eu/

[15] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=PI_COM%3AC%282022%293219&qid=1653033569832

[16] https://energy.ec.europa.eu/publications/speeding-permit-granting-and-ppas-swd2022149151_en

[17] https://commission.europa.eu/funding-tenders/find-funding/eu-funding-programmes/technical-support-instrument/technical-support-instrument-tsi_en

- Déanfaidh an Coimisiún an tacaíocht a neartú do na húdaráis náisiúnta maidir leis na forálacha a chur chun feidhme chun borradh a chur faoi na nósanna imeachta um cheadú trí CA RES faoin Treoir maidir le Fuinneamh In- athnuaite agus tacú le hobair agus malartuithe na n- údarás náisiúnta inniúil[18] atá i gceannas ar cheadú faoi Rialachán GTE- F, lena n- áirítear trí chúnamh teicniúil a sholáthar do ghrúpa Ballstát. Tacóidh an Coimisiún leis na Ballstáit freisin chun na forálacha a chur chun feidhme maidir le borradh a chur faoi cheadú do na heangacha uile is gá chun fuinneamh in- athnuaite a chomhtháthú lena ndéanfar an Tascfhórsa um Fhorfheidhmiú an Mhargaidh Aonair (SMET) a chur i bhfeidhm de réir mar is gá.

### 3.3. Pleanáil Spásúil Mhuirí chomhtháite a áirithiú

Is uirlis riachtanach í an Phleanáil Spásúil Mhuirí (MSP) chun spás mara a leithdháileadh ar fheidhmeanna éagsúla na mara trí chur chuige atá bunaithe ar éiceachórais agus chun cómhaireachtáil fhadtéarmach agus caomhnú na n- éiceachóras á áirithiú. Bhunaigh an Coimisiún Ardán um Pleanáil Spásúil Mhuirí AE maidir le heolas agus taithí a roinnt, d'ullmhaigh sé treoraíocht maidir le teannas a bhainistiú le hearnálacha atá in iomaíocht le ORE agus d'eisigh sé dea- chleachtas maidir le hilúsáid spáis agus comhar trasteorann. Leanfaidh an Coimisiún de phleanáil spásúil mhuirí náisiúnta a éascú trí theannas a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint, treoraíocht a sholáthar, tacú le comhar trasteorann agus tacú le tionscadail sna limistéir sin. Áirítear leis na hiarrachtaí sin tacaíocht d'údaráis náisiúnta le Treoir MSP a chur chun feidhme[19]**,** lena n- áirítear forbairtí ORE.

Beidh ar oibríochtaí um pleanáil foinsí in- athnuaite fuinnimh amach ón gcósta cómhaireachtáil le gníomhaíochtaí eile an duine agus le húsáidí ar muir a áirithiú, agus baint amach na spriocanna maidir le cosaint an chomhshaoil agus an dúlra agus cuspóirí athchóirithe a chosaint ag an am céanna, chomh maith le sábháilteacht na loingseoireachta ar muir. I mí na Bealtaine 2023, sheol an Coimisiún an **Fóram Gorm Eorpach** d'úsáideoirí na mara chun idirphlé a éascú i gcur chuige oscailte ionchasach idir an lucht eolaíochta agus páirtithe leasmhara atá rannpháirteach i gcosaint mhuirí, fuinneamh, tionscal muirí agus muiriompar, iascach agus dobharshaothrú, turasóireacht agus sláinte. Ina theannta sin, maidir leis an iascach, déanann an Coimisiún plé láidir leis an earnáil agus comhairlí comhairleacha réigiúnacha chun malairt eolais agus idirphlé a éascú.

Ghlac formhór na mBallstát a bpleananna náisiúnta spásúla muirí agus tá spás sainaitheanta agus leithdháilte acu do thionscadail in- athnuaite fuinnimh amach ón gcósta. Tá plean ag 17 mBallstát cósta as 22, mar a cheanglaítear le **Treoir MSP**. Tá athbhreithniú á dhéanamh ar roinnt pleananna chun freastal ar uaillmhian níos airde maidir le foinsí in- athnuaite fuinnimh amach ón gcósta, chomh maith le spriocanna chosaint an dúlra agus athchóirithe dúlra faoi Straitéis Bhithéagsúlachta an Aontais,

---

[18] In 2021, d'aontaigh na húdaráis náisiúnta inniúla (NCAnna) fóram tiomnaithe a bhunú dá gcomhar. Thacaigh an Coimisiún le tionscnamh NCAnna a thacaíonn le comhordú dá gcruinnithe tráthrialta agus dá n- iarrachtaí chun dea- chleachtais agus deiseanna maidir le borradh a chur faoi nósanna imeachta um cheadú a shainaithint.

[19] https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=celex%3A32014L0089

2030. Iarrann an Coimisiún ar na Ballstáit sin nach bhfuil MSPanna glactha acu mar phleanáil straitéiseach agus chomhtháite go fóill a n- oibleagáid dhlíthiúil a bhaint amach agus spás a leithdháileadh maidir le fuinneamh i gcomhar le gníomhaíochtaí eacnamaíocha eile, lena n- áirítear iascach, de réir cur chuige atá bunaithe ar shineirgí trí dhearadh, i gcomhréir lena bpleananna náisiúnta fuinnimh agus aeráide (NECPanna).

Cuireadh **Treoir Réime um Straitéis Mhuirí an Aontais** (MSFD)[20] i bhfeidhm chun éiceachóras agus bithéagsúlacht na mara a chosaint, ar a bhfuil ár sláinte agus ár ngníomhaíochtaí eacnamaíocha agus sóisialta a bhaineann le hacmhainní muirí ag brath. Leis an Treoir seo ceanglaítear stádas maith comhshaoil ar fharraigí an Aontais a bhaint amach, agus a áirithiú dá réir sin go bhfuil an mhuirthimpeallacht glan, sláintiúil agus táirgiúil, agus gur féidir leis na glúine atá ann faoi láthair agus na glúine atá le teacht úsáid inbhuanaithe a bhaint as earraí agus seirbhísí muirí. Go sonrach, leis an Treoir sin éilítear aghaidh a thabhairt ar thionchair charnacha ghníomhaíochtaí an duine ar staid an chomhshaoil mhuirí, mar chuid dá cur chuige atá bunaithe ar éiceachórais, trí na bearta is gá a ghlacadh chun na luachanna tairsí a bhaint amach do stádas maith comhshaoil.

Faoi **Choinbhinsiún OSPAR** maidir leis an muirthimpeallacht agus comhshaol cósta san Atlantach Thoir Thuaidh a chosaint[21], tá grúpa teicniúil, atá tiomnaithe d'fhorbairt fuinnimh in- athnuaite amach ón gcósta, ag déanamh iniúchadh trí staidéir ar an tionchar atá ag fuinneamh in- athnuaite amach ón gcósta ar an muirthimpeallacht agus ar an mbithéagsúlacht. Tá comhoibriú den sórt sin ag dul ar aghaidh faoi **Choinbhinsiún HELCOM**, meitheal chomhpháirteach atá faoi chomhchathaoirleacht HELCOM agus an Ghrúpa um Fhís agus Straitéisí do Mhuir Bhailt (VASAB) chun comhar a áirithiú i measc na dtíortha i Réigiún Mhuir Bhailt; is é is aidhm dóibh comhar a áirithiú sna tíortha i Réigiún Mhuir Bhailt do phróisis chomhleanúnacha maidir le Pleanáil Spásúil Mhuirí i Muir Bhailt. Cé go ndíríonn iarrachtaí taighde ar limistéir agus speicis shonracha, rudaí a chomhfhreagraíonn don leibhéal cur in úsáid atá ann faoi láthair d'fheirmeacha gaoithe amach ón gcósta, tá gá le ciste leanúnach don taighde agus nuálaíocht chun aghaidh a thabhairt ar thionchair charnacha. Cuireadh é sin i dtábhacht freisin i dtuarascáil speisialta a d'fhoilsigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa le gairid[22].

Anuas ar a bhfuil thuas, díreoidh an Coimisiún ar an méid seo a leanas:

- Agus MSPanna á n- ailíniú ag an gCoimisiún le méadú na spriocanna uile ORE agus uaillmhianta imchuach farraige, pléifidh sé leis na Ballstáit agus na heagraíochtaí réigiúnacha na bealaí chun aistriú ó MSPanna atá náisiúnta amháin le comhairliúcháin trasteorann go pleanáil MSP réigiúnach laistigh de na himchuacha farraige féin, rud a áirithíonn go ndéantar spás mara leordhóthanach a leithdháileadh chun uaillmhianta fuinnimh in- athnuaite amach ón gcósta den chineál sin a éascú. Déantar é sin chun bheith comhoiriúnach le gníomhaíochtaí eacnamaíocha muirí eile, chomh maith le cuspóirí comhshaoil agus spriocanna aeráide agus athchóirithe dúlra ar muir. Mar a cuireadh i dtábhacht sa straitéis, tacóidh an Coimisiún le réigiúin

[20] https://environment.ec.europa.eu/topics/marine-and-coastal-environment_en

[21] https://www.ospar.org/site/assets/files/1169/ospar_convention.pdf

[22] Cúirt Iniúchóirí na hEorpa: Tuarascáil speisialta 22/2023: 'Fuinneamh in- athnuaite amach ón gcósta san Aontas – tá pleananna uaillmhianacha ann le haghaidh fáis ach is dúshlán fós í an inbhuanaitheacht'

chósta, na réigiúin is forimeallaí san Aontas, agus oileáin chun leas a bhaint as a n- acmhainneacht ollmhór maidir le fuinneamh in- athnuaite amach ón gcósta.

- Trí chur le creat dlíthiúil agus leis na hionstraimí cistiúcháin atá ann cheana amhail Fís Eorpach, comhlánóidh an Coimisiún a thacaíocht do na Ballstáit i dtéarmaí na héifeachtaí atá ag suiteálacha fuinnimh in- athnuaite amach ón gcósta ar éiceachórais agus ar an mbithéagsúlacht, lena n- áirítear na héifeachtaí carnacha ar leibhéal imchuach farraige a shainaithint, a mheas agus aghaidh a thabhairt orthu[23].

- Tacóidh an Coimisiún leis na Ballstáit chun na naisc is gá a bhunú idir forbairtí ORE, MSP agus na straitéisí muirí a forbraíodh faoi MSFD maidir leis na huaillmhianta fuinnimh in- athnuaite amach ón gcósta agus stádas maith comhshaoil a bhaint amach trí fhóraim iomchuí amhail Tionscnamh Imchuach Farraige Mór na Mara Thuaidh (GNSBI),

- Trí bhíthin cruinnithe grúpaí saineolaithe, comhar réigiúnach agus tacaíocht do thionscadail thiomnaithe, oibreoidh an Coimisiún leis na Ballstáit chun limistéir ilúsáide a áireamh agus athbhreithniú á dhéanamh ar MSPanna náisiúnta. Leis sin d'éascófaí nósanna imeachta um cheadú agus cómhaireachtáil forbairtí amach ón gcósta, lena n- áirítear eangacha.

### 3.4. Athléimneacht an bhonneagair a neartú

Léirítear le cogadh foghach na Rúise san Úcráin agus an tsabaitéireacht a rinneadh ar phíblíne gháis Nord Stream an tábhacht a bhaineann le bonneagar láidir a bheith i bhfeidhm d'earnáil na cosanta agus d'earnáil an fhuinnimh. I mí an Mhárta 2023, ghlac an Coimisiún agus SEGS **Straitéis Slándála Muirí an Aontais** (SSMAE ([24])) agus Plean Gníomhaíochta nuashonraithe. I mí Dheireadh Fómhair 2023, táthar ag súil go dtacóidh an Chomhairle le Straitéis Slándála Muirí athbhreithnithe an Aontais Eorpaigh. Rinneadh an straitéis agus an plean gníomhaíochta a bhaineann leis a thabhairt cothrom le dáta chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí in aghaidh bonneagar criticiúil muirí. Áirítear sa straitéis athbhreithnithe gníomhaíochtaí éagsúla a chuirfidh feabhas ar fhaireachas, cosaint, agus athléimneacht bonneagair amhail píblínte fuinnimh, cáblaí sonraí agus leictreachais, feirmeacha gaoithe, calafoirt, etc., ó ghnáthionsaithe, ionsaithe hibrideacha, agus cibirionsaithe. Leis an straitéis sin tugtar aghaidh freisin ar chur chun feidhme réiteach maidir le cómhaireachtáil idir tionscadail ORE agus gníomhaíochtaí cosanta. Rannchuideoidh an tionscadal Siombóise le réitigh den sórt sin a fhorbairt.

I mí Eanáir 2023, tháinig an **Treoir maidir le hAthléimneacht Eintiteas Criticiúil[25]** (Treoir CER) agus an **Treoir maidir le bearta le haghaidh ardleibhéal comhchoiteann**

---

[23] Tá sé sin i gcomhréir freisin leis an Tuarascáil Speisialta ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa: Fuinneamh in- athnuaite amach ón gCósta san Aontas Eorpach.

[24] https://oceans-and-fisheries.ec.europa.eu/ocean/blue-economy/other-sectors/maritime-security-strategy_en

[25] Treoir (AE) 2022/2557 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil agus lena n- aisghairtear Treoir 2008/114/CE ón gComhairle (IO L 333, 27.12.2022, lch. 164)

**cibearshlándála ar fud an Aontais** ('an Dara Treoir NIS') i bhfeidhm, treoir lenar cuireadh rialacha nua ar aghaidh chun athléimneacht eintiteas criticiúil a neartú. Ina theannta sin, d'fhógair an tUachtarán von der Leyen, in éineacht le hArd- Rúnaí ECAT Stoltenberg, tascfhórsa maidir le bonneagar athléimneach, rud a chuireann feabhas ar chomhar lenár bpríomh- chomhpháirtithe. Foilsíodh Tuarascáil Measúnaithe Deiridh an Tascfhórsa i mí an Mheithimh 2023[26]. I mí na Nollag 2022, ghlac an Chomhairle leis an Moladh maidir le cur chuige comhordaithe ón Aontas chun athléimneacht an bhonneagair chriticiúil a neartú. Príomhthosaíocht amháin sa chás seo is ea tástálacha struis a dhéanamh, ag tosú le hearnáil an fhuinnimh. Tá ról na mBallstát ríthábhachtach, agus tá an comhar fíor- riachtanach maidir leis an ábhar tábhachtach seo. I mí Mheán Fómhair 2023, ghlac an Coimisiún togra le haghaidh Moladh ón gComhairle maidir le Treoirphlean chun freagairt ar leibhéal an Aontais a chomhordú do shuaitheadh i mbonneagar criticiúil lena mbaineann ábharthacht trasteorann nach beag[27]. Chun ár n- ullmhacht a neartú go rathúil, tá sé ríthábhachtach go roinnfeadh na Ballstáit faisnéis, ar bhonn rúnda fiú, de réir mar is iomchuí.

I gcomhréir leis an straitéis, tá comhthionscadal bunaithe ag an gCoimisiún agus an Ghníomhaireacht Eorpach um Chosaint darb ainm **Symbiosis**[28] [Siombóis] le tacaíocht EUR 2 mhilliún ó Fhís Eorpach. Leis an tionscadal, déanfar bacainní a shainaithint maidir le forbairtí fuinnimh in- athnuaite amach ón gcósta i limistéir a úsáidtear nó a choinnítear chun críoch míleata agus gníomhaíochtaí míleata atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo, agus tabharfar aghaidh ar na bacainní sin. Cuireadh tús leis an tionscadal sin i mí Dheireadh Fómhair 2022 agus beidh sé ar siúl go dtí an 31 Márta 2025.

Agus cogadh foghach na Rúise san Úcráin á chur san áireamh, mar aon le soithí na Rúise a bheith i gcóngar bonneagar muirí i Muir Bhailt agus sa Mhuir Thuaidh, agus na hionsaithe ar phíblínte Nord Stream 2, tá an tAontas ag cur níos mó béime ar shlándáil mhuirí agus athléimneacht an bhonneagair chriticiúil ar muir a neartú. Beidh sé ina thosaíocht, cómhaireachtáil éifeachtach a áirithiú idir bonneagar fuinnimh agus bonneagar cosanta ar muir. Déanfaidh na Coimisiún an méid seo a leanas:

- Féachfaidh an Coimisiún chun an athléimneacht agus an chosaint atá ag an mbonneagar in- athnuaite amach ón gcósta a neartú, agus aird á tabhairt ar shainiúlachtaí réigiúnacha agus leibhéil bhagartha.

- Cuirfidh an Coimisiún dlús leis an gcomhar idir na Ballstáit, le tacaíocht na ngníomhaireachtaí ábhartha, chun forbairt a dhéanamh ar phleananna faireachais réigiúnacha maidir le bonneagar amach ón gcósta.

- Forbróidh an Coimisiún comhar maidir le cibearshlándáil san earnáil amach ón gcósta i gcomhar le tíortha nach Ballstáit den Aontas iad a bhfuil an dearcadh céanna acu ar an leibhéal déthaobhach agus ar an leibhéal iltaobhach i gcomhthéacs cibir- idirphlé, mar shampla.

---

[26] EU-NATO_Final Assessment Report Digital.pdf (europa.eu)

[27] COM(2023) 526 final

[28] https://eda.europa.eu/docs/default-source/brochures/eda-symbiosis_factsheet---v4.pdf

### 3.5. Taighde agus nuálaíocht a thacaíonn le fuinneamh amach ón gcósta

Tá taighde agus nuálaíocht fíor- riachtanach chun ceannaire a dhéanamh den Aontas ó thaobh teicneolaíochtaí áirithe amach ón gcósta, amhail gaoth amach ón gcósta[29]. Tá iarracht leanúnach maidir le taighde agus nuálaíocht fíorthábhachtach chun an cheannaireacht sin a choimeád. Tá gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta an Aontais ag dul ar aghaidh maidir le roinnt teicneolaíochtaí eile atá ag teacht chun cinn atá ábhartha don earnáil amach ón gcósta, amhail córas grian- fhótavoltach ar snámh, algaí mar fhoinse bithbhreosla inbhuanaithe agus córais hidrigine amach ón gcósta. Ós rud é go bhfuil ardleibhéal ullmhachta ag baint le roinnt teicneolaíochtaí amhail tuirbíní gaoithe atá greamaithe ón mbun, is gá a bheith nuálach maidir le próisis táirgthe d'fhonn méadú a dhéanamh ó thaobh scála de, agus an tráth céanna, is gá leanúint ar aghaidh ag déanamh iniúchadh ar choincheapa nua a thógfaidh níos mó ama a thionsclú agus a chaighdeánú.

Tá an teicneolaíocht ar snámh amach ón gcósta ina tosaíocht ós rud é go bhfuil gá leis an teicneolaíocht sin chun leas a bhaint as an acmhainneacht in uiscí níos doimhne, amhail an tAtlantach agus an Mheánmhuir. Forbraítear fréamhshamhlacha agus taispeántóirí chun an fheidhmíocht a scrúdú agus a fheabhsú agus chun na costais a laghdú. Fiú má tá roinnt mhaith teicneolaíochtaí gaoithe ar snámh ag déanamh chun cinn ann, níl aon choincheap ann a sháraíonn na cinn eile go fóill. Mar sin féin, tá na réitigh éagsúla ag leibhéil ullmhachta teicneolaíochta éagsúla, agus cuid acu níos gaire do chur chun úsáide ar an margadh. Tá suíomhanna féideartha le haghaidh forbairtí gaoithe ar snámh sainaitheanta ag Éirinn, an Phortaingéil, an Spáinn, an Iodáil, Málta, agus an Ghréig, agus tá an Fhrainc ag réiteach a céad tairisceana maidir le páirc ghaoithe tráchtála ar snámh.

Tá dul chun cinn maith déanta ag an Aontas maidir le fuinneamh aigéin a fhorbairt ó seoladh an Straitéis Amach ón gCósta[30]. Baineadh é sin amach go háirithe le cistiú ón Aontas le haghaidh taighde agus nuálaíochta. Mar sin féin, tá gá fós le dul chun cinn a dhéanamh i roinnt mhaith réimsí amhail dearadh agus bailíochtú feistí fuinnimh aigéin, lóistíochta, agus oibríochtaí muirí. Sa Treoir athbhreithnithe maidir le Fuinneamh In- athnuaite, is sprioc tháscach é 5 % ar a laghad de na suiteálacha nua uile faoi 2030 a theacht ó fhoinsí in- athnuaite fuinnimh nuálacha, amhail teicneolaíochtaí fuinnimh aigéin. Dá bhrí sin, tabharfaidh an Coimisiún spreagadh do na Ballstáit chun beartais spriocdhírithe a chur san áireamh chun tacú le teicneolaíochtaí fuinnimh aigéin a chur in úsáid sna Pleananna Náisiúnta Fuinnimh agus Aeráide (NECPanna) athbhreithnithe.

Bhunaigh an Coimisiún suíomh gréasáin tiomnaithe lena soláthraítear forbhreathnú ar chláir chistiúcháin an Aontais a bhaineann le tionscadail fuinnimh in- athnuaite amach ón gcósta a mhaoiniú[31], lena n- áirítear taighde agus nuálaíocht agus tionscadail eile nach iad. Mar a léirítear leis an bhforbhreathnú seo, le linn na tréimhse 2009- 2022, fuair

[29] Faireachlann JRC um Theicneolaíocht Fuinnimh Ghlain: Fuinneamh gaoithe san Aontas Eorpach – Tuarascáil Stádais 2023 maidir le Forbairt Teicneolaíochta, Treochtaí, Slabhraí Luacha agus Margaí

[30] JRC, Forbairt agus Ionchas Teicneolaíochta Fuinnimh Ghlain – Tuarascáil 2023

[31] Forbhreathnú ar chistiú ón Aontas le haghaidh foinsí in- athnuaite fuinnimh amach ón gcósta: https://energy.ec.europa.eu/topics/renewable-energy/financing/eu-funding-offshore-renewables_en

teicneolaíochtaí amach ón gcósta an sciar is mó de chistiú ón Aontas thar na tosaíochtaí uile maidir le taighde agus nuálaíocht gaoithe.

Thug tionscadail éagsúla faoi **Fhís Eorpach** (HE), go háirithe faoi Cholún 2, Braisle 5 Aeráid, Fuinneamh agus Soghluaisteacht, tacaíocht d'fhoinsí in- athnuaite fuinnimh amach ón gcósta. Mar shampla, is é an tionscadal InterOPERA tionscadal suaitheanta an Aontais chun tacú le comhar idir TSOnna, monaróirí agus forbróirí gaoithe amach ón gcósta chun tionscadal taispeántais eangaí mórscála Srutha Dhírigh Ardvoltais (HVDC) a thosú. Thacaigh tionscadail eile le dearaí nua a fhorbairt maidir le teicneolaíocht gaoithe, teicneolaíocht fuinnimh aigéin agus teicneolaíocht ghréine ar snámh chomh maith leis an bprionsabal maidir le 'ciorclaíocht trí dhearadh' a chomhtháthú go córasach i dtaighde agus nuálaíocht foinsí in- athnuaite fuinnimh. Tá roinnt mhaith tionscadail taighde seolta ag misean Fhís Eorpach 'Ár n- Aigéan agus ár n- Uiscí a Athchóiriú' chun eolas a chur ar aghaidh maidir le táirgeadh dobharshaothraithe a chomhtháthú laistigh d'fheirmeacha gaoithe amach ón gcósta.

Thacaigh **Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa** freisin le roinnt tionscadal chun tacú le foinsí in- athnuaite fuinnimh amach ón gcósta, lena n- áirítear, mar shampla, cáblaí ardvoltais a fhorbairt atá nuálach agus a fheidhmíonn níos fearr agus Lárionad Nuálaíochta Gaoithe Amach ón gCósta a chruthú in Eemshaven (NL)[32]. Tá **an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta** ag maoiniú cur in úsáid gaoithe amach ón gcósta (1 500 MW), acmhainneacht ghréine agus ghaoithe ar snámh (100 MW), agus cur in úsáid na dtreoirthionscadal i bhfuinneamh muirí. Maoiníonn sé freisin oileán fuinnimh amach ón gcósta, ardáin fuinnimh amach ón gcósta agus bonneagar calafoirt a thógáil, ar tionscadail iad a fhreastalaíonn ar chothabháil feirmeacha gaoithe amach ón gcósta.

Tá bearta déanta ag an **gCiste don Nuálaíocht** chun freastal ar thionscadail cheannródaíocha, amhail teicneolaíochtaí fuinnimh aigéin, agus le déanaí roghnaíodh dhá thionscadal aigéin le haghaidh deontais faoin gCiste faoin topaic *treoirthionscadail mheánmhéide*. Comhtháthaíonn tionscadal amháin roinnt foinsí fuinnimh, lena n- áirítear fuinneamh toinne agus gaoithe, chomh maith le córas iomlán hidrigine (leictrealóir, cealla stórais, agus breosla- chealla). Tá topaic a bhaineann leis an monaraíocht ag an gCiste don Nuálaíocht freisin a chumhdaíonn teicneolaíochtaí nuálacha maidir le teicneolaíocht ghlan a mhonarú. Áirítear leis sin comhpháirteanna do ghiniúint fuinnimh in- athnuaite. Beidh EUR 4 bhilliún sa chéad ghlao eile, agus freastalóidh sé ar thionscadail de gach méid.

Faoi **Chlár InvestEU**, clár a thacaíonn freisin le hinfheistíochtaí príobháideacha i bhfoinsí in- athnuaite fuinnimh amach ón gcósta, tá níos mó ná EUR 1 bhilliún d'iasachtaí formheasta do thionscadail amach ón gcósta go dtí anois. Mar shampla, le déanaí, shínigh an Banc Eorpach Infheistíochta comhaontú chun tógáil na chéad fheirme gaoithe amach ón gcósta sa Pholainn a cómhaoiniú — ceann de na feirmeacha is mó ar

[32] Is féidir tuilleadh faisnéise a fháil maidir leis na tionscadail sin agus tionscadail eile maidir le fuinneamh gaoithe a fhaigheann tacaíocht ón mBeartas Comhtháthaithe anseo https://kohesio.ec.europa.eu/en/projects

domhan — le hiasacht suas le EUR 610 milliún, agus EUR 350 milliún de sin maoinithe ag clár InvestEU[33].

D'oibrigh an Coimisiún i ndlúthchomhar le tíortha an **Phlean Straitéisigh um Theicneolaíocht Fuinnimh (Plean SET)** chun athbhreithniú a dhéanamh ar **spriocanna Phlean SET** maidir le fuinneamh aigéin agus gaoth amach ón gcósta, a gcláir oibre cur chun feidhme agus chun meitheal Phlean SET sa bhreis maidir le HVDC a sheoladh. Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:

- Tacóidh an Coimisiún leis an Ardán Eorpach Teicneolaíochta agus Nuálaíochta (ETIP) maidir le fuinneamh gaoithe chun a gClár Oibre um Thaighde Straitéiseach agus Nuálaíocht a athbhreithniú agus é a fhoilsiú faoi dheireadh 2023 agus tacóidh sé le ETIP maidir le fuinneamh aigéin chun a gClár Oibre um Thaighde Straitéiseach agus Nuálaíocht a athbhreithniú agus é a fhoilsiú in earrach na bliana 2024.

- In 2024, mar chuid de chur chun feidhme an Phlean SET athchóirithe, agus na tosaíochtaí polaitiúla is déanaí á gcur san áireamh, is cosúil go ndéanfaidh an Coimisiún na spriocanna taighde agus nuálaíochta atá ag meitheal Phlean SET maidir le fuinneamh gaoithe a athbhreithniú agus a leasú, agus go gcuirfidh sé ionadaíocht níos láidre ar thíortha sa ghrúpa seo chun cinn.

- In 2024, mar chuid de chur chun feidhme an Phlean SET athchóirithe, tabharfaidh an Coimisiún aird ar leith ar mhonaraíocht, ciorclaíocht, ábhair, scileanna agus riachtanais na sochaí agus é mar aidhm aige iomaíochas earnáil an fhuinnimh ghlain a chur chun cinn, lena n- áirítear foinsí in- athnuaite fuinnimh amach ón gcósta.

Sna blianta amach romhainn, leanfar le gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta a shainaithnítear sa straitéis agus cuirfear feabhas orthu, go príomha trí **Fhís Eorpach agus a cláir** agus, i gcás inarb ábhartha, trí ghlaonna ar thograí tiomnaithe. Déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas go háirithe:

- Leanfaidh an Coimisiún ag díriú ar *chiorclaíocht* mar thosaíocht ós rud é gur féidir le réitigh chiorclacha feabhas a chur ar iomaíochas na hearnála, an riosca bristeacha sa soláthar amhábhar a laghdú agus feabhas a chur ar fheidhmíocht chomhshaoil agus inbhuanaitheachta fuinnimh in- athnuaite amach ón gcósta.

- In 2024, seolfaidh an Coimisiún sraith tionscadal a bheidh dírithe ar ábhair ardleibhéil do mhaighnéid, agus aird ar leith á díriú ar bhuanmhaighnéid do thuirbíní gaoithe. Rannchuideoidh na tionscadail sin le hábhair chriticiúla a ionadú i dtuirbíní gaoithe chun spleáchas ar ábhar a laghdú.

[33] https://www.eib.org/en/press/all/2023-341-poland-investeu-eib-supports-one-of-the-world-s-largest-wind-farms-with-eur610-million-in-financing#:~:text=The%20European%20Investment%20Bank%20(EIB,by%20the%20LLC%20Baltic%20Power

- In 2024, seolfaidh an Coimisiún gníomhaíocht taighde agus nuálaíochta chun *an tionchar comhshaoil a laghdú agus na tionchair shocheacnamaíocha* a bhaineann le feirmeacha gaoithe amach ón gcósta a bharrfheabhsú. Is gá aird ar leith a thabhairt chun aghaidh a thabhairt ar éifeachtaí carnacha atá ag gníomhaíochtaí éagsúla an duine agus feirmeacha iolracha fuinnimh in- athnuaite amach ón gcósta ar éiceachórais ar leibhéal imchuach farraige.

- Leanfaidh an Coimisiún dá iarrachtaí chun feabhas a chur ar *tháirgiúlacht agus éifeachtúlacht thionsclaíoch* ar fud na slabhraí luacha fuinnimh gaoithe amach ón gcósta. Áirítear leis sin teicneolaíochtaí monaraíochta feabhsaithe, lena n- áirítear *teicneolaíochtaí digiteacha*, amhail feistí Idirlíon na Rudaí Nithiúla. Is cuspóir tábhachtach é an scála a mhéadú agus na costais a laghdú. In 2024, seolfaidh an Coimisiún gníomhaíocht nuálaíochta chun gaoth shnámhach amach ón gcósta a thaispeáint.

- Oibreoidh an Coimisiún leis na Ballstáit agus na réigiúin, lena n- áirítear na hoileáin, chun cistí a chur ar fáil ar bhealach comhordaithe do *theicneolaíochtaí fuinnimh aigéin* chun toilleadh iomlán 100 MW a bhaint amach ar fud an Aontais faoi 2027 agus thart ar 1 GW faoi 2030[34]. Seoladh topaicí ina bhfuil feirmeacha taoide agus tonnta ina n- iarrtar sineirgí le cláir chistiúcháin réigiúnacha náisiúnta.

- Pléifidh an Coimisiún *an soláthar nuálach* mar shásra chun dí- rioscú a dhéanamh ar fhorbairt teicneolaíochta agus ceannaireacht theicneolaíoch na hEorpa maidir le foinsí in- athnuaite fuinnimh amach ón gcósta a choimeád, rud a chuirfidh le tionscnaimh an Choimisiúin Eorpaigh atá ann cheana[35].

### 3.6. Slabhraí soláthair agus scileanna a fhorbairt

Leis an straitéis seo tugadh aghaidh ar an ngné maidir le slabhra soláthair agus scileanna ar bhealach mionsonraithe agus cuireadh gníomhaíochtaí éagsúla chun feidhme ó shin. Mar sin féin, mar gheall ar rátaí arda boilscithe a eascraíonn as éifeachtaí chogadh foghach na Rúise in aghaidh na hÚcráine, lena n- áirítear éifeachtaí maidir le praghsanna fuinnimh agus bia, slabhraí soláthair domhanda ag socrú don athoscailt tar éis dhianghlasálacha na paindéime, téarnamh ar éileamh trí aistriú ó sheirbhísí go hearraí, agus margaí saothair dochta, cuireadh brú ar an ngeilleagar foriomlán, lena n- áirítear brú ar chumas an tionscail fuinnimh in- athnuaite amach ón gcósta torthaí a bhaint amach. Ina theannta sin, mar gheall ar iomaíochas méadaithe ón tSín agus na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag Acht SAM maidir le Laghdú Boilscithe is gá níos mó airde a thabhairt ar na creatdálaí maidir le slabhra soláthair an Aontais[36].

---

[34] Le déanaí, mar gheall ar agaí tionscanta níos faide, is tráthchlár níos réalaíche é 2027 ná an tráthchlár 2025 a leagadh amach sa straitéis.

[35] Mar shampla, an tionscadal 'Europewave' atá ina chuid d'Fhís 2020 – https://www.europewave.eu/

[36] Tuarascáil ar dhul chun cinn maidir le hIomaíochas Teicneolaíochtaí Fuinnimh Ghlain 2023 COM(2023)652

D’ainneoin difríochtaí tábhachtacha, tá dlúthnasc ag slabhra soláthair an Aontais d’fhoinsí in- athnuaite fuinnimh amach ón gcósta le slabhraí soláthair na hearnála gaoithe. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ag monaróirí gaoithe faoi láthair, chuir an Coimisiún Plean Gníomhaíochta maidir le tionscal monaraíochta gaoithe na hEorpa i láthair[37]. Mionléirítear thíos na bearta agus gníomhaíochtaí beartais a bhfuil ábharthacht ar leith leo i ndáil le slabhraí soláthair *fuinnimh amach ón gcósta*.

Is líonra casta de pháirteanna agus comhpháirteanna atá idirnasctha le cheile é slabhra soláthair an Aontais d’fheirmeacha gaoithe amach ón gcósta. Léirítear an méadú ar an éileamh ar fheirmeacha gaoithe amach ón gcósta ar fud na hEorpa agus ar fud an domhain leis an méadú comhfhreagrach ar an éileamh ar thuirbíní gaoithe amach ón gcósta san Aontas, ar bhunsraitheanna, ar fhostáisiúin HVDC agus ar threalamh leictreachais eile, cáblaí, ullmhacht calafort agus soithí. Ionas go mbeidh monaróirí an Aontais in ann leanúint orthu ag freastal ar an méadú ar an éileamh laistigh den Aontas agus lasmuigh de, ní mór fás substaintiúil a theacht ar chumais mhonaraíochta an Aontais, agus é sin ar ráta brostaithe, chun an t- éileamh atá ag fás go tapa sa bhloc a chomhlíonadh. An tráth céanna, lasmuigh den Aontas Eorpach, tá fás tapa ag teacht ar acmhainneachtaí monaraíochta maidir le comhpháirteanna gaoithe amach ón gcósta agus tá tuilleadh leathnaithe substaintiúil á réamh- mheas. I gcomhthreo le hacmhainneacht mhonaraíochta a leathnú chun an méadú ar an éileamh a chomhlíonadh chun gaoth amach ón gcósta a chur in úsáid, is gá do mhonaróirí an Aontais fanacht iomaíoch i bhfianaise iomaíocht ghéar idirnáisiúnta. Baineann dúshláin bhreise leis an gcéim oibrithe agus cothabhála bunaithe ar ábhair imní chibearshlándála, agus infhaighteacht soithí suiteála le haghaidh gaoth amach ón gcósta[38]. Tá coinne leis go dtiocfaidh scrogaill chun cinn i mbeagnach gach cuid den slabhra soláthair amach ón gcósta san Aontas sna blianta beaga amach romhainn.

Deighleog faoi leith den slabhra soláthair is ea **calafoirt**, bealaí faoi leith chuig suiteálacha fuinnimh amach ón gcósta. Soláthraíonn siad críochfoirt do na soithí a bhfuil gá leo le haghaidh suiteáil agus cothabháil amach ón gcósta, agus féadfaidh siad an spás agus na coinníollacha a leithdháileadh a theastaíonn chun comhpháirteanna áirithe a dhéanamh agus a chóimeáil. Leis an méadú atá ag teacht ar mhéid lanna tuirbíní gaoithe, cruthaítear dúshláin lóistíochta. Éilíonn sé sin infheistíochtaí ollmhóra, mar shampla, i ndreidireacht, i spás le haghaidh stóráil agus cóimeáil tuirbíní, nó i gcumais chraenach. Thairis sin, braitheann an earnáil fuinnimh in- athnuaite amach ón gcósta go príomha ar shoithí a thógtar lasmuigh den Aontas Eorpach faoi láthair, rud a d’fhéadfadh rioscaí a chruthú maidir le slabhraí soláthair sa todhchaí. Dá bhrí sin, tá deis ann le haghaidh thionscail an trealaimh mhuirí agus na longthógála san Aontas i gceist le fuinneamh in- athnuaite amach ón gcósta a fhorbairt. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, tá tús curtha leis na gníomhaíochtaí seo a leanas:

- Tabharfaidh an Coimisiún aghaidh ar ról na gcalafort agus ar na dúshláin a bhaineann lena lorg comhshaoil féin agus lena gcumas cuidiú le gníomhaíochtaí tionsclaíocha agus muiriompair a dhícharbónú. Is le tionscadal píolótach dar teideal Samhail Tráchtála Leictreachais Calafoirt, atá le tabhairt chun críche sa chéad leath de 2024, a thabharfar aghaidh ar na dúshláin sin.

[37] COM(2023)669

[38] Féach fonóta 1

- Déantar staidéar laistigh de chreat NSEC chun aghaidh a thabhairt ar acmhainneacht na gcalafort tacú le gaoth amach ón gcósta a rolladh amach go tapa trí na riachtanais bhonneagair chalafort a bhaineann le forbairtí gaoithe amach ón gcósta a mhapáil, a chatagóiriú agus a chur in ord tosaíochta[39].

- An Rialachán maidir leis an ngréasán tras- Eorpach iompair (TEN- T) a bhfuil athbhreithniú á dhéanamh air faoi láthair, agus Rialachán TEN- E, tá an dá rialachán sin ábhartha maidir le bonneagar calafort. Cuirfidh an Coimisiún sineirgí agus comhlántachtaí idir an dá rialachán chun cinn d'fhonn feabhas a chur ar na creatdálaí uile do chalafoirt ar mian leo dlús a chur lena ngníomhaíochtaí san earnáil foinsí in- athnuaite fuinnimh amach ón gcósta.

In 2023, chuir an Coimisiún Eorpach **Plean Tionsclaíoch an Chomhaontaithe Ghlais** (GDIP) i láthair chun iomaíochas thionscal glan- nialasachta na hEorpa a fheabhsú agus chun tacú leis an aistriú tapa chuig an aeráidneodracht. Is é is aidhm don Phlean timpeallacht níos tacúla a sholáthar chun dlús a chur le hacmhainneacht mhonaraíochta an Aontais i dtaca leis na teicneolaíochtaí glan- nialasacha agus le táirgí a bhfuil gá leo chun spriocanna uaillmhianacha aeráide na hEorpa a bhaint amach. Tá na ceithre cholún seo a leanas mar bhunús leis an bplean: timpeallacht rialála intuartha shimplithe, rochtain níos tapúla ar chistiú poiblí agus príobháideach le haghaidh tháirgeadh na teicneolaíochta glaine san Eoraip, tionscnaimh chun scileanna a fheabhsú don aistriú glas agus, ar deireadh, trádáil oscailte agus slabhraí soláthair athléimneacha. Is iad **an Gníomh um an Tionscal Glan- nialasachta**[40] agus **an Gníomh um Amhábhair Chriticiúla**[41] arna moladh an 16 Márta 2023, na príomh- ghníomhartha chun GDIP a fhorbairt. Rannchuideoidh an dá ghníomh le hathléimneacht an Aontais a mhéadú trí bhorradh a chur faoin acmhainneacht mhonaraíochta agus comhpháirtíochtaí déthaobhacha agus comhar iltaobhach a threisiú.

Is topaic chriticiúil go háirithe é rochtain ar **amhábhair**. Braitheann roinnt mhaith de ghineadóirí leictreacha na dtuirbíní gaoithe ar bhuanmhaighnéid dúile tearc- chré chun a n- ardleibhéil éifeachtúlachta agus feidhmíochta a thabhairt i gcrích[42]. Cé go bhfuil ról ceannasach ag an Aontas sa mhargadh domhanda do thuirbíní gaoithe, tá an tSín i gceannas ar an margadh dúile tearc- chré, ó amhábhair go táirgeadh maighnéad[43]. Dá dheasca sin, tá an tAontas nochta do shuaití féideartha a bhaineann leis an soláthar ábhar agus comhpháirteanna dúile tearc- chré (REE). Chun uathriail straitéiseach an Aontais a mhéadú, ró- spleáchas a laghdú, na slabhraí soláthair a neartú agus an lorg comhshaoil a laghdú, déantar imscrúdú ar mheascán straitéisí agus gníomhaíochtaí in NZIA agus sa Ghníomh um Amhábhair Chriticiúla (CRM), lena n- áirítear:

---

[39] Foilseofar an staidéar ar leathanach gréasáin NSEC: https://energy.ec.europa.eu/topics/infrastructure/high-level-groups/north-seas-energy-cooperation_en

[40] EUR-Lex - 52023PC0161 - EN - EUR-Lex (europa.eu)

[41] EUR-Lex - 52023PC0160 - EN - EUR-Lex (europa.eu)

[42] Is iad Neoidimiam (Nd), Praiséidimiam (Pr), Diospróisiam (Dy) agus Teirbiam (Tb) na dúile tearc- chré (REE) sin.

[43] JRC, 2023: Carrara et al. '*Supply chain analysis and material demand forecast in strategic technologies and sectors in the EU - A foresight study*' [Anailís ar shlabhra an tsoláthair agus réamhaisnéis ar an éileamh ar ábhar i dteicneolaíochtaí agus in earnálacha straitéiseacha san Aontas – Staidéar fadbhreathnaitheach], https://publications.jrc.ec.europa.eu/repository/handle/JRC132889

- borradh a chur faoi eastóscadh acmhainní REE san Eoraip;
- méadú a dhéanamh ar acmhainneacht mhonaraíochta comhpháirteanna san Aontas, agus béim faoi leith ar scagadh REE agus ar bhuanmhaighnéid a tháirgeadh;
- feabhas a chur ar athchúrsáil buanmhaighnéad agus ábhair agus dearaí nuálacha a chur in ionad REE.
- comhpháirtíochtaí le tíortha comhpháirtíochta a chur chun cinn chun soláthar gan bhriseadh d'amhábhair chriticiúla a áirithiú;

Tá forálacha sa **Ghníomh um Amhábhair Chriticiúla** beartaithe freisin lena n- iarrtar ar na Ballstáit bearta a dhearadh arb é is aidhm dóibh feabhas a chur ar chiorclaíocht na n- amhábhar criticiúil agus straitéiseach agus, ar an gcaoi sin, cruthú an dara margadh d'amhábhair san Aontas a chothú. Rannchuideoidh Fís Eorpach le baint amach spriocanna den sórt sin freisin trí thaighde leanúnach agus tionscadail nuálaíochta maidir le ciorclaíocht, áit a ndéanfaidh an Coimisiún faireachán ar a nglacadh sa tionscal[44].

Sa **Ghníomh um an Tionscal Glan- nialasachta** (NZIA), moltar creat rialála simplithe le haghaidh tháirgeadh na teicneolaíochta glaine agus chomhpháirteanna na slabhraí soláthair a bhfuil gá leo agus moltar nósanna imeachta brostaithe le haghaidh tionscadail mhonaraíochta teicneolaíochta glaine. Liostaítear teicneolaíochtaí maidir le foinsí in- athnuaite fuinnimh amach ón gcósta agus teicneolaíochtaí eangaí san NZIA beartaithe mar theicneolaíochtaí glan- nialasachta straitéiseacha, atá criticiúil do chonair an Aontais i dtreo chuspóirí aeráide agus fuinnimh 2030[45]. Leis sin, beifear in ann tionscadail mhonaraíochta foinsí in- athnuaite fuinnimh amach ón gcósta a aithint mar thionscadail ghlan- nialasachta straitéiseacha a bhainfidh leas as stádas tosaíochta, nósanna imeachta níos giorra um cheadú agus tacaíocht riaracháin le haghaidh cur chun feidhme mear éifeachtach. Ina theannta sin, chun tacú le cur in úsáid táirgí ardchaighdeáin, éilítear ceantanna chun foinsí in- athnuaite fuinnimh a úsáid faoi thogra NZIA chun an conradh a dhámhachtain bunaithe ar chritéir athléimneachta agus inbhuanaitheachta comhshaoil freisin[46].

I bhfianaise a phráinní atá sé tacú le hathléimneacht na monaraíochta le haghaidh foinsí in- athnuaite fuinnimh amach ón gcósta san Eoraip, déanfaidh an Coimisiún roinnt gníomhaíochtaí i ndáil le comhordú ceantanna agus cóineasú critéar, mar a mhínítear ar bhealach níos mionsonraithe sa phlean gníomhaíochta maidir le gaoth.

Déanfaidh an Coimisiún úsáid na n- ionstraimí airgeadais atá ann cheana a bharrfheabhsú a thuilleadh agus oibreoidh sé leis an mBanc Eorpach Infheistíochta ar shruthanna maoinithe tiomnaithe féideartha.

---

[44] Tá sé sin i gcomhréir leis na moltaí i dTuarascáil Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le Foinsí In- athnuaite Fuinnimh Amach ón gCósta Tuarascáil | Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (europa.eu)

[45] EUR-Lex - 52023PC0161 - EN - EUR-Lex (europa.eu)

[46] Tá forbairtí a bhfuil cuma na maitheasa orthu ann, mar shampla an méadú ar chleachtais na mBallstát maidir le critéir neamhphraghais a shocrú i gceantanna gaoithe amach ón gcósta, lena n- áirítear maidir le comhshuí tionscadal feabhsaithe dúlra, teicneolaíochtaí iolracha (e.g. teicneolaíochtaí gaoithe ar snámh, fuinnimh toinne nó gréine snámhach), iascach agus dobharshaothrú.

Maidir le **scileanna**, tá an earnáil fuinneamh in- athnuaite amach ón gcósta (ORE) ag fás. Is í is cúis le tuairim is 80 000 post sa lá atá inniu ann agus tá coinne leis go gcruthófar idir 20 000 agus 54 000[47] post nua san earnáil ar fud na hEorpa sna 5 bliana amach romhainn. Mar sin féin, le forbairt chomh tapa sin, d'fhéadfadh rochtain ar shaothar *oilte* teacht chun bheith ina dúshlán do roinnt mhaith codanna de na slabhraí soláthair agus beidh oiliúint a bhaineann go sonrach le cúrsaí amach ón gcósta níos tábhachtaí de réir mar a thagann fás ar ghníomhaíochtaí ar muir. Sa chomhthéacs seo, beidh ar an tionscal aghaidh a thabhairt ar rioscaí maidir le ganntanais scileanna. Tá ard- éileamh ar bhainisteoirí, innealtóirí agus teicneoirí cheana féin, agus bíonn sé deacair folúntais a líonadh sa lá atá inniu ann. Dá bhrí sin, éileofar cur chuige comhcheangailte chun dlús a chur le hiarrachtaí chun an dá rud seo a leanas a dhéanamh:

- Tacú le forbairt scileanna nua do dhaoine a oibríonn sa tionscal nó atá ag dul isteach sa tionscal, go háirithe i ndigiteáil, TFC, róbataic, sláinte agus sábháilteacht.
- Feabhas a chur ar éagsúlacht agus ionchuimsitheacht na hearnála. Ciallaíonn sé sin tacú le cothromaíocht inscne agus an óige a mhealladh, chomh maith leis na hoibrithe sin atá ag aistriú ó earnálacha eile, d'fhonn a chinntiú gur aistriú cóir é an t- aistriú glas.

Mar a cuireadh i dtábhacht i gClár Oibre do Scileanna 2020 agus mar a léiríodh le Bliain Eorpach na Scileanna, is tosaíocht don Choimisiún é aghaidh a thabhairt ar dhúshláin maidir le scileanna. Sa bhreis ar thionscnaimh níos leithne chun tacú le forbairt scileanna, mar shampla trí na moltaí ón gComhairle maidir le gairmoideachas agus gairmoiliúint, cuntais foghlama aonair[48] agus micridhintiúir[49], tá tionscnaimh shonracha forbartha ag an gCoimisiún chun aghaidh a thabhairt ar riachtanais earnála. Mar shampla, rannchuidigh an tionscnamh rathúil Comhaontas Treoirphlean Erasmus+ le haghaidh comhar earnála maidir le scileanna sna teicneolaíochtaí muirí (MATES) le comhpháirtíocht mhórscála a chur ar bun le haghaidh fuinneamh in- athnuaite amach ón gcósta faoin gComhshocrú um Scileanna. Is é is aidhm don chomhpháirtíocht oibrithe nua a mhealladh chuig an earnáil, go háirithe daoine óga agus mná, agus tacú le hoiliúint a chur ar ghairmithe i dteicneolaíochtaí muirí agus iad a athsciliú. Sa 2 bhliain amach romhainn (2023- 2024), tabharfar tacaíocht dó leis an tionscadal arna mhaoiniú ag Erasmus+ FLORES (*Forward Looking at the Offshore Renewable Energies*) [Ag Breathnú chun Cinn ar Fhuinnimh In- athnuaite Amach ón gCósta]. Beidh baint ag príomhghníomhaithe in éiceachóras tionsclaíoch ORE leis, chomh maith le húdaráis phoiblí ar gach leibhéal rialachais, chun tairiscintí tiomnaithe oiliúna a chothú agus chun gairmeacha san earnáil a chur chun cinn. Forbróidh sé faireachlann riachtanas oiliúna agus tairiscintí d'earnáil ORE freisin. Thairis sin, is é is aidhm don Ionad Barr Feabhais Gairme arna mhaoiniú ag Erasmus+, 'Scileanna Teicniúla le haghaidh Fuinneamh In- athnuaite Comhchuibhithe Amach ón gCósta' (T- shore) cláir oiliúna agus acmhainní a fhorbairt chun na scileanna agus inniúlachtaí a sholáthar d'oibrithe a bhfuil gá acu leo chun rath a bhaint amach sa tionscal gaoithe amach ón gcósta.

Chun bonn taca breise a chur faoi sciliú don aistriú chuig an teicneolaíocht ghlan, leagtar de chúram ar an gCoimisiún, leis an nGníomh um an Tionscal Glan- nialasachta, tacú le

[47] Faireachlann – Flores (oreskills.eu)

[48] Moladh ón gComhairle 2022/C 243/03

[49] Moladh ón gComhairle 2022/C 243/02

hAcadaimh Eorpacha um an Tionscal Glan- nialasachta a chur ar bun. Bheadh sé d'aidhm ag na hAcadaimh sin oiliúint agus oideachas 100 000 foghlaimeoir a chumasú, laistigh de 3 bliana tar éis a mbunaithe, chun cur le hinfhaighteacht na scileanna is gá do na teicneolaíochtaí glan- nialasachta, lena n- áirítear i bhfiontair bheaga agus mheánmhéide. Chun trédhearcacht agus iniomparthacht scileanna agus soghluaisteacht lucht saothair a áirithiú, déanfaidh na hAcadaimh dintiúir a fhorbairt agus a chur in úsáid, lena n- áirítear micridhintiúir, lena gcumhdaítear gnóthachtálacha foghlama.

## 4. CONCLÚIDÍ

Ó glacadh an Straitéis um Fhuinneamh In- athnuaite Amach ón gCósta i mí na Samhna 2020, tá an tábhacht a bhaineann le dlús a chur le rolladh amach fuinneamh in- athnuaite amach ón gcósta curtha i dtábhacht leis an gcogadh san Úcráin agus leis an bplean REPowerEU ina dhiaidh sin. Tá ról lárnach ag an straitéis maidir le hathruithe a bhrú chun cinn i roinnt mhaith réimsí, lena n- áirítear athruithe ar an gcreat dlíthiúil, amhail Rialachán athbhreithnithe TEN- E agus an RED athbhreithnithe. **Tá na cuspóirí nua maidir le fuinneamh amach ón gcósta atá curtha ar aghaidh ag na Ballstáit níos uaillmhianaí agus éileoidh siad gníomhaíocht thapa** ar an leibhéal náisiúnta agus ar an leibhéal réigiúnach chun cur leis an dul chun cinn atá déanta go dtí seo. Sa phlean gníomhaíochta maidir le cumhacht ghaoithe, a glacadh in éineacht leis an teachtaireacht seo, leagtar amach roinnt gníomhaíochtaí a fhéadfaidh cuidiú le dlús a chur le fuinneamh gaoithe a chur in úsáid go háirithe, agus le tionscal gaoithe na hEorpa a neartú.

Leis an méid a baineadh amach go dtí seo agus na dúshláin atá amach romhainn, leagtar béim ar an ngá le **comhar réigiúnach a neartú** chun dlús a chur le bonneagar fuinnimh trasteorann a fhorbairt, go háirithe eangacha amach ón gcósta agus tionscadail trasteorann maidir le fuinneamh in- athnuaite a fhorbairt, chomh maith le MSPanna réigiúnacha. Oibreoidh an Coimisiún go dlúth leis na Ballstáit agus leis na páirtithe leasmhara ábhartha uile chun na gníomhaíochtaí sainaitheanta a chur chun feidhme, agus chun tionscadail choincréiteacha maidir le fuinneamh in- athnuaite a bhrú chun cinn chun na huaillmhianta móra a thabhairt i gcrích.

Ar **scála idirnáisiúnta**, leanfaidh an Coimisiún dá rannpháirtíocht le heagraíochtaí idirnáisiúnta, amhail IEA agus IRENA, agus rachaidh sé i gcomhpháirt le tíortha ar príomhghníomhaithe iad i réimse an fhuinnimh chun uaillmhianta domhanda maidir le fuinneamh in- athnuaite amach ón gcósta a bhaint amach, lena n- áirítear tríd an tionscnamh Global Gateway.

Measann an Coimisiún, ach comhar atreisithe a dhéanamh leis na Ballstáit maidir le cur chun feidhme an chreata dhlíthiúil atá ann cheana, chomh maith le comhaontú ar reachtaíocht beartaithe nua a chothú, mar a dtugtar tuairisc air sa Teachtaireacht seo, go mbeifear in ann an uaillmhian maidir le fuinneamh in- athnuaite amach ón gcósta a thabhairt i gcrích ar bhealach tráthúil agus inbhuanaithe. Éileofar iarracht leanúnach gan staonadh ó na páirtithe leasmhara uile chun é sin a bhaint amach.